

Feasachán teicniúil Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste: cóid rialachais agus nochtaí gaolmhara

Meán Fómhair 2020

Forbraíodh an nóta teorach seo chun ról an iniúchta a mhíniú maidir le hathbhreithniú na faisnéise a fhoilsíonn aonáin phoiblí de réir mar a éilítear faoi chóid rialachais is infheidhme.

Feasachán teicniúil Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste: cóid rialachais agus nochtaí gaolmhara B₃

Meán Fómhair 2020

Cuimsítear i rialachas corparáideach na córais agus na nósanna imeachta trína ndéantar aonáin a stiúradh, a rialú agus a bhainistiú. Ba cheart d'aonáin gníomhú go stuama, go heiticiúil agus le trédhearcacht agus a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh i gcomhréir lena bhfreagrachtaí reachtúla. Neartaíonn dea-rialachas cuntasacht as maoirseacht acmhainní trí chur ar chumas aonán luach ar airgead a shaothrú lena n-iarachtaí, lena n-áirítear riosca a bhainistiú go cuí.

Ábhar Tagartha

An Cód Cleachtais chun
Comhlachtaí Stáit a Rialú
agus treoir ghaolmhar arna
heisiúint ag an Roinn
Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe

Nósanna Imeachta
Airgeadais Poiblí arna
n-eisiúint ag an Roinn
Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe.

ISA 720 (Athbhreithnithe):
'Freagrachtaí an Iniúcháir a
Bhaineann le Faisnéis Eile'

ISA 265: 'Easnamh i Rialú
Inmheánach a Chur in Iúl
Dóibh siúd atá Freagrach as
Rialachas agus Bainistíocht'

Tá ardchaighdeán rialachais, cibé acu i ranna rialtais nó i gcomhlachtaí poiblí, ríthábhachtach chun rannchuidiú dearfach a chinntiú le héifeachtúlacht eacnamaíoch fhoriomlán, comhtháthú sóisialta agus forbairt réigiúnach in Éirinn.

Mar chuid de riachtanais rialachais agus chuntasachta, ceanglaítear ar aonáin faisnéis eile a fhoilsiú in éineacht lena ráitis airgeadais. Féadfaidh ráiteas a bheith san fhaisnéis eile ar éifeachtacht na gcóras rialaithe, nochtaí ábhar a bhfuil tábhacht ar leith leo agus deimhniú go gcomhlíontar sainriachtanais rialachais.

Leagtar amach san fheasachán seo freagracht an iniúcháir maidir leis an bhfaisnéis seo a athbhreithniú.

Ceanglais rialachais chorparáidigh

Faigheann treoir is infheidhme ar rialachas corparáideach go príomha ón méid seo a leanas

- I gcás comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, *an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (an Cód Cleachtais) agus treoir ghaolmhar arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.¹
- I gcás ranna agus oifigí rialtais *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus *Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigigh Chuntasaíochta*.

Tá roinnt eilimintí éigeantacha ann atá mar bhonn is mar thaca le dea-rialachas is coiteann do ranna rialtais agus do chomhlachtaí poiblí amhail próisis bhainistíochta riosca, coistí iniúchta agus feidhmeanna iniúchta inmheánaigh a bhunú.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar gach aonán Ráiteas ar Rialú Inmheánach (S/C) a fhoilsiú a ghabhann leis na ráitis airgeadais bhliantúla a chuireann síos ar an gcóras chun rialuithe éifeachtacha a choinneáil ar bun.²

I gcás comhlachtaí Stáit (seachas ranna), ceanglaítear orthu leis an gCód Cleachtais faisnéis a fhoilsiú freisin

- faoi na struchtúir agus na próisis rialachais, agus táillí agus speansais chomhaltaí an bhoird
- faoi chatagóirí breise caiteachais
- faoi mar a chomhlíontar leis an gcód (a bhfuil prionsabal 'comhlíon nó míniú' mar bhonn agus mar thaca leis).

Foilsítear an fhaisnéis seo de ghnáth i Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ghabhann leis na ráitis airgeadais bhliantúla.³

¹ Rialaítear roinnt earnálacha le cóid ar leithligh atá bunaithe ar an gCód cleachtais nó a dhíorthaítear uaidh.

² I gcás ranna rialtais, foilsítear Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais leis an gcuntas leithreasa.

³ Féach ar "Treoir maidir leis na himpleachtaí do na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus don Tuarascáil Bhliantúil" arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. In a lán cásanna, foilsíonn comhlachtaí tuarascáil bhliantúil ina bhfuil na ráitis airgeadais agus an fhaisnéis eile. Sa chás gur cuideachta an t-aonán tá Tuarascáil Stiúthóirí ag teastáil.

Cuspóirí agus freagrachtaí an iniúcháora

Trí chomhaontú leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceanglaítear ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (RRI) arna fhoilsiú ag gach aonán chun a dhearbhu go léiríonn sé comhlíonadh an aonáin leis an treoir is infheidhme maidir le rialachas corparáideach, agus
- breithniú an bhfuil an RRI míthreorach go hábhartha nó ar neamhréir le faisnéis eile arb eol dó/di ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tá ceanglais chomhchosúla i bhfeidhm maidir leis an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltá an Bhoird.

De ghnáth tugtar faoi chuspóirí agus fhreagrachtaí an iniúcháora maidir le haonáin na ceanglais rialachais is infheidhme a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an iniúchta airgeadais bhliantúil. Ullmhaíonn an t-aonán faisnéis insinte a éilíonn an treoir rialachais corparáidigh is infheidhme a ghabhann leis na ráitis airgeadais. De réir *ISA 720 (Athbhreithnithe)*: 'Freagrachtaí an Iniúcháora a Bhaineann le Faisnéis Eile', ceanglaítear ar an iniúcháir an fhaisnéis seo a léamh agus 'athbhreithniú comhsheasmhachta' a dhéanamh.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfaisnéis, measann an t-iniúcháir an bhfuil sé ag teacht lena t(h)uisint ar chomhlíonadh an aonáin le rialacha rialachais bunaithe go hiomlán ar iniúchadh na ráiteas airgeadais. Ní chun athbhreithniú a sholáthar ar an bhfaisnéis atá an t-athbhreithniú seo, ach chun

- breithniú a dhéanamh ar iomláine na nochtaí agus ceanglais na treorach rialachais corparáidigh is infheidhme á gcomhlíonadh
- a shainaithint an bhfuil na nochtaí míthreorach agus
- aon neamhréireachtaí ábhartha idir na nochtaí agus na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair an t-iniúcháir ón iniúchadh a shainaithint.

Ní sholáthraíonn an t-iniúcháir aon dearbhú maidir le leordhóthanacht na socruithe rialachais a chuireann an t-aonán i bhfeidhm, ná ní thugann an t-iniúcháir tuairim ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais corparáidigh an aonáin ná a nósanna imeachta riosca agus rialaithe. Nochtann an t-aguisín a ghabhann le tuarascáil an iniúcháora scóip na hoibre iniúchta maidir leis an bhfaisnéis eile.

Toisc go bhfuil sainordú tuairiscithe níos leithne ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomparáid le hiniúcháirí eile, féadfaidh sé / sí tuairisciú go poiblí ar ábhair a éiríonn as an athbhreithniú ar fhaisnéis eile a bhaineann le seoladh gnó poiblí.

Ceanglais maidir le Ráitis ar Rialú Inmheánach (RRI) a ullmhú

Ceanglaítear ar Oifigeach Cuntasaíochta roinne rialtais agus ar Chathaoirleach nó a chomhionann le haon chomhlacht eile san earnáil phoiblí an RRI a chur isteach in éineacht leis na ráitis airgeadais. Ceanglaítear ar gach RRI imlíne a thabhairt ar na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an aonán atá deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, lena n-áirítear

- céimeanna a ghlactar chun timpeallacht rialaithe iomchuí a chinntiú
- próisis a úsáidtear chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun a n-impleachtaí airgeadais a mheas
- mionsonraí na gcóras mór faisnéise atá i bhfeidhm
- na nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó
- nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe lena n-áirítear deimhniú go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh
- deimhniú gur chomhlíon an t-aonán rialacha soláthair agus mionsonraí aon eisceachtaí á nochtadh.

Sa chás gur eascair caillteanas ábhartha, teagmhasacht nó neamhchinnteacht sna ráitis airgeadais arbh é easnamh sna rialuithe ba chúis leis, ba cheart an t-ábhar agus aon ghníomh feabhais a rinneadh a thuairisciú sa RRI. Sa chás nach bhfuil aon laige den sórt sin tagtha chun cinn ba cheart don aonán é seo a dhearbhuí.

Raon feidhme obair an iniúcháir maidir le Ráitis ar Rialú Inmheánach

Agus an t-athbhreithniú ar RRI á dhéanamh aige, tugann an t-iniúcháir aird ar na caighdeáin iniúchta ábhartha agus ar eolas an aonáin a fhaightear ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais lena n-áirítear tuiscint ar thimpeallacht rialaithe an aonáin. Faigheann an t-iniúcháir dóthain fianaise iomchuí de bharr nósanna imeachta ábhartha a fheidhmiú a bhféadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh iontu

- athbhreithniú a dhéanamh ar an RRI d'fhonn a chinneadh go bhfuil sé san fhormaid riachtanach
- fiosrú a dhéanamh ar na stiúrthóirí nó ar na hoifigigh shinsearacha chun tuiscint a fháil ar an bpróiseas atá sainithe ag an mbord nó ag an mbainistíocht dá athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh
- doiciméadacht ábhartha a scrúdú, lena n-áirítear miontuairiscí bainistíochta nó boird agus aon ábhar eile arna ullmhú ag nó do na bainisteoirí nó na stiúrthóirí a bhaineann le nochtáí a rinneadh

- a mheas an soláthraíonn an fhianaise a scrúdaíodh tacaíocht fhónta do na nochtaí a rinneadh
- á iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta nó orthu siúd atá freagrach as rialachas dearbhú i scríbhinn a sholáthar maidir le huiríll ó bhéal a rinneadh le linn an athbhreithnithe
- breithniú an bhfuil an fhaisnéis atá sa RRI comhsheasmhach le heolas an iniúcháir a fuarthas le linn an iniúchta ar na ráitis airgeadais.

Sa chás nach dócha go ndéanann an RRI cur síos ar nósanna imeachta nach bhfuil an t-iniúcháir aineolach orthu, sásaíonn an t-iniúcháir é/i féin trí fhiosrúchán nó trí obair eile atá leordhóthanach chun ligean dó/di teacht ar an gconclúid nach bhfuil an RRI míthreorach go hábhartha. Ní gá go ndéanann an t-iniúcháir athbhreithniú ar oibriú nósanna imeachta den sórt sin.

Mar gheall ar nádúr teoranta athbhreithniú an iniúcháir agus d'fhonn an fhéidearthacht, go dtarlódh míthuiscintí, a sheachaint, meastar gur dea-chleachtas é seo

- i gcás ina n-eisítear litir thuisceana don chliant, go míníonn an litir scóip an athbhreithnithe ag an iniúcháir
- sula scaoiltear an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais, go ndéanann an t-iniúcháir torthaí fíorasacha a (h)athbhreithnithe a chur in iúl agus a phlé leis an aonán.

Clúdaítear sa RRI an bhliain atá faoi athbhreithniú agus an tréimhse suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais (agus an tuarascáil bhliantúil más infheidhme) agus dá bhrí sin caithfidh an t-athbhreithniú ag an iniúcháir a bheith comhsheasmhach leis an bhfráma ama seo.

Deimhniú um chomhlíonadh le rialacha soláthair

Tá iomaíocht oscailte i gcroílár na gcleachtas agus an dlí soláthair. Cumasaíonn sí trédhearcacht sa mhéid is go ndéantar obair an rialtais a fhógairt go hoscailte agus cumasaíonn sí luach a fháil ón margadh trí phróiseas tairisceana iomaíoch. Táthar ag súil gurb é soláthar iomaíoch an norm. Éilíonn an treoir is infheidhme ar rialachas go mbunóidh aonáin próisis tuairiscithe inmheánacha maidir le haon úsáid a bhaint as soláthar neamhiomaíoch. Mar sin féin, is féidir go mbeadh imthosca ann nuair a dhéantar soláthar ar bhonn neamhiomaíoch (m.sh. ní fhógraítear go hoscailte é) ach d'fhéadfadh sé go gcomhlíonadh sé rialacha soláthair fós mar shampla trí dhíolúintí ceadaithe. I roinnt cásanna, b'fhéidir go mbeidh sé riachtanach comhairle dhlí a fháil i dtaobh an bhfuil feidhm ag an díolúine.

Ceanglaítear ar an aonán a dhearbhu gur chomhlíon sé rialacha soláthair nó nochtaí iomchuí a dhéanamh i gcás inar mhainnigh sé iad a chomhlíonadh. Baineann soláthar neamhchomhlíontach le cásanna inar soláthraíodh earraí nó seirbhísí gan phróiseas iomaíoch agus nár áiríodh sna himthosca na díolúintí nó na heisceachtaí a ceadáíodh faoi rialacha soláthair.

Déanann an t-iniúchóir athbhreithniú ar an bhfianaise chun tacú leis na nochtaí a rinneadh faoi sholáthar sa RRI. I gcás nár chomhlíon an t-aonán rialacha soláthair nó mura féidir leis a mhéid a comhlíonadh iad a dhearbhu, measann an t-iniúchóir an bhfuil an neamhchomhlíonadh ábhartha.

Easnaimh shuntasacha a aimsíodh le linn an iniúchta a chur in iúl

ISA 265: Ceanglaíonn 'Easnaimh i Rialú Inmheánach a Chur in iúl dóibh siúd atá Freagrach as Rialachas agus Bainistíocht' ar an iniúchóir easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a sainaithníodh le linn an iniúchta a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas go tráthúil. I measc na n-easnamh suntasach tá na cinn a bhféadfadh caillteanas ábhartha nó neamhchomhlíonadh rialacha a bheith mar thoradh orthu, dar leis an iniúchóir. Dá bharr sin, ní fhanann an t-iniúchóir go dtí go mbeidh iniúchadh an ráitis airgeadais críochnaithe sula ndéantar na heasnaimh sin a thuairisciú. Ar an mbealach seo, cuirtear an bhainistíocht nó na stiúirthóirí ar an eolas faoi na heasnaimh a shainaithin an t-iniúchóir agus tá siad in ann iad a chur san áireamh agus an RRI á ullmhú.

Saincheisteanna suntasacha maidir le rialú inmheánach

Sa chás go gceanglaítear ar an aonán faisnéis ábhartha a nochtadh faoi easnaimh nó laigi sa rialú inmheánach ba cheart dó míniú a thabhairt ar an ngníomh a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh chun na heasnaimh a cheartú. I gcás nach moltar aon ghníomh tugtar míniú.

Is éard atá i bhfreagracht an iniúcháora ina leith seo

- athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar a d'ullmhaigh an t-eintiteas chun tacú leis na nochtaí a rinneadh maidir leis na heasnaimh rialaithe sin agus chun a mheasúnú an dtacaíonn sé leis na nochtaí sin nó nach dtacaíonn
- na céimeanna a glacadh, nó a mheasann sé is gá chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh, a phlé leis an aonán, agus
- a mheasúnú an léiríonn na nochtaí, a dhéantar sa RRI de na próisis a cuireadh i bhfeidhm chun déileáil le heasnaimh den sórt sin, na próisis sin go hiomchuí.

Ní cheanglaítear ar an iniúchóir a mheasúnú an leigheasfaidh an gníomh a mhol an t-eintiteas, i ndáiríre, an t-easnamh a thuairiscítear.

Mainneachtain athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha

I gcás nach ndearna an t-aonán measúnú bliantúil mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais, ba cheart don chathaoirleach an fíoras sin a lua agus míniú a sholáthar sa RRI. Faigheann an t-iniúchóir amach na cúiseanna leis an mainneachtain an t-athbhreithniú a dhéanamh agus breithníonn sé an tionchar ar an timpeallacht rialaithe.

Grúpaí aonán

Clúdaíonn an RRI an mháthair-aonán agus aon fhochuideachtaí. Dá réir sin, déantar an tuairisc ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus ar mheasúnú an chórais ó pheirspictíocht an ghrúpa ina iomláine. Mar sin measann an t-iniúcháir ábharthacht mar a bhaineann sé leis an ngrúpa agus ní le gnóthais aonair.

Athbhreithniú ar an Ráiteas um Rialachas agus ar Thuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cosúil leis an gcur chuige a glacadh le haghaidh an athbhreithnithe ar an RRI, tugann an t-iniúcháir aird ar na caighdeáin iniúchta ábhartha agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an Ráiteas Rialachais agus ar Thuarascáil Chomhaltaí an Bhoird go háirithe ar eolas an aonáin a fhaightear ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Faigheann an t-iniúcháir dóthain fianaise iomchuí de bharr nósanna imeachta ábhartha a fheidhmiú a bhféadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh iontu

- breithniú a dhéanamh ar iomláine na nochtaí sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird agus riachtanais na treorach rialachais chorparáidigh is infheidhme á gcomhlíonadh
- doiciméadacht ábhartha a scrúdú, lena n-áirítear sleachta as córais airgeadais, miontuairiscí ábhartha agus aon ábhar eile arna ullmhú ag nó do na bainisteoirí nó na stiúrthóirí a bhaineann le nochtaí a rinneadh
- a mheas an soláthraíonn an fhianaise a scrúdaíodh tacaíocht fhónta do na nochtaí a rinneadh
- á iarraidh sin orthu siúd atá i gceannas ar rialachas dearbhú i scríbhinn a sholáthar maidir le huirill ó bhéal a rinneadh le linn an athbhreithnithe
- breithniú an bhfuil an fhaisnéis atá sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird comhsheasmhach le heolas an iniúcháir a fuarthas le linn an iniúchta ar na ráitis airgeadais.

D'fhéadfadh sé go n-éileodh na rialacha rialachais chorparáidigh is infheidhme go gcuirfí faisnéis eile i láthair ar bhealach 'cóir, cothrom agus sothuigthe'. Má shainaithníonn an t-iniúcháir nach gcuirtear aon ghnéithe den fhaisnéis eile i láthair ar bhealach cóir, cothrom nó sothuigthe, measann sé/sí na himpleachtaí don tuarascáil iniúchta. Breithníonn an t-iniúcháir an gcuirtear an fhaisnéis i láthair ar bhealach a bheadh intuigthe do raon leathan úsáideoirí ionchasacha a bhfuil leibhéil éagsúla saineolais airgeadais acu.

Torthaí athbhreithniú an iniúcháir a thuairisciú

Bunaithe ar a c(h)uid oibre, tuairiscíonn an t-iniúcháir ar aon chás ábhartha nuair nach gcomhlíonann an RRI an treoir is infheidhme nó i gcás go bhfuil sé míthreorach go hábhartha nó ar neamhréir le faisnéis eile arb eol dó/di ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. D'fhéadfadh sé seo teacht chun cinn i gcás

- nach dtacaíonn an tuairisc ar na príomhnósanna imeachta, atá deartha chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar, le tuiscint an iniúcháir ar an bpróiseas nó i gcás nach léiríonn sé an tuiscint sin go cuí
- nach bhfuil an fhaisnéis, a nochtar faoi na heasnamh sin i rialú inmheánach a d'fhág gur nochtadh caillteanais ábhartha, teagmhais nó neamhchinnteachtaí eile sna ráitis airgeadais, comhsheasmhach lena t(h)uiscint.
- nach bhfuil an míniú ag an aonán ar na himthosca nach ndearna sé measúnú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh comhsheasmhach le tuiscint na n-iniúcháirí, nó
- nach dtacaítear le nochtadh chomhlíonadh an aonáin le rialacha soláthair le fianaise ná le heolas a fuarthas le linn an iniúchta.

Má tá an t-iniúcháir ar an eolas go bhfuil caillteanas ábhartha, teagmhas nó neamhchinnteacht á nochtadh sna ráitis airgeadais ach nár nocht an t-aonán aon easnamh rialaithe inmheánaigh gaolmhar, pléann an t-iniúcháir an seasamh leis an aonán. Mura bhfuil an t-iniúcháir in ann aontú leis an aonán maidir le conas ba cheart an t-ábhar a réiteach, measann sé/sí na himpleachtaí don tuarascáil iniúchta.

Mar an gcéanna, tuairiscíonn an t-iniúcháir ar aon chás ábhartha nuair nach gcomhlíonann an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird an treoir is infheidhme nó i gcás go bhfuil sí míthreorach go hábhartha nó ar neamhréir le faisnéis eile arb eol dó/di ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Mar sin féin, toisc nach dtagann tuairim iniúchta cháilithe ar na ráitis airgeadais as na hathbhreithnithe, tá barúlacha den sórt sin san áireamh faoin gcuid 'Ábhar Eile' sa tuarascáil iniúchta.

Toisc go bhfuil sainordú tuairiscithe níos leithne ag an C&AG, measann sé/sí ar cheart tagairt a dhéanamh sa tuarascáil iniúchta ar na ráitis airgeadais nó i dtuarascáil speisialta ar leithligh, d'aon ábhair shuntasacha a bhaineann le seoladh gnó poiblí a nochtar sa RRI nó sa Ráiteas Rialachais / i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (nuair is infheidhme). D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo cásanna nár cloíodh le ceanglais rialachais mar shampla nuair a theip ar an aonán measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.